
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Áiteanna do Dhaoine

## Beartas Náisiúnta ar Ailtireacht

**Doiciméad plé ina n-iarrtar aighneachtaí ón bpobal i dtaca le Beartas Náisiúnta ar Ailtireacht atá beartaithe**




Samhain 2019
www.gov.ie

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| Teachtaireacht ón Aire | | 3 |
| Réamhrá | | 7 |
| 1 | Dearadh le haghaidh athléimneacht aeráide agus inbhuanaitheachta | 9 |
| 2 | Dearadh áiteanna ardchaighdeáin ar son leas an phobail | 11 |
| 3 | Meas don am atá caite, ár dtodhchaí a mhúnlú | 13 |
| 4 | Ceannaireacht | 15 |
| 5 | Eolas agus nuálaíocht | 17 |
| Le haghaidh tuilleadh eolais... | | 19 |
| Bíodh ionchur agat | | 19 |



**Ní mór dúinn athúsáid íogair na n-acmhainní timpeallachta tógtha atá ann cheana féin a éileamh chomh maith le foirgnimh, áiteanna agus spásanna ardchaighdeáin, inbhuanaithe a chuireann ár gcuid luachanna in iúl.**

**Cuirfidh gníomhaíochtaí an bheartais seo dearadh timpeallachta tógtha ar ardchaighdeán ar thús cadhnaíochta sa tseirbhís phoiblí chun tacú leis an tionscadal uaillmhianach, físiúil, Tionscadal Éireann 2040.**

# Teachtaireacht ón Aire

Is cuid lárnách dár sochaí iad an ailtireacht agus ár dtimpeallacht thógtha. Bíonn tionchar dearfach ag foirgnimh agus áiteanna ardchaighdeáin ar dhaoine, ar a sláinte agus a bhfolláine, agus ar a gcumas a bheith rathúil. Bíonn tionchar ag na háiteanna ina gcónaímid ar an gcaoi a mairimid, a mbuailimid le daoine, a gcruthaímid rudaí, a n-oibrímid agus a mbíonn spraoi againn. Cuireann siad ár gcórais luachanna in iúl agus tugann siad dúinn ár bhféiniúlacht chultúrtha agus an tuiscint sin ar an mbaile.

Fágann an tuiscint láidir ar an mbaile in Éirinn go mbíonn daoine neadaithe ina bhfréamhacha agus go ndéantar nasc idir daoine agus traidisiúin tógála, ceardaíocht agus comharthaí talún. Ach bíonn áiteanna an-dinimiciúil agus bíonn siad de shíor ag athrú. Bíonn tionchar ag castacht agus luas forbartha ar ár dtimpeallacht thógtha agus d'fhéadfadh sé an nasc a bhíonn againn le háit a athrú. Ar ndóigh, cuireann dul chun cinn teicneolaíochta go leor deiseanna nua i láthair maidir leis an gcaoi a ndéanaimid ár dtimpeallacht thógtha a shamhlú agus a chruthú.

Tá sé riachtanach go ndéanfaimis machnamh soiléir ar na bealaí a dtéimid i ngleic lenár dtimpeallacht agus ar na bealaí a n-athúsáidimid agus a bhforbraímid í. Tá luas faoin athrú ar ár n-aeráid, agus baineann éifeachtaí agus dúshláin shoiléire leis sin. Tá brúnna éiceolaíochta ag méadú. Tá ár n-acmhainní fisiciúla teoranta agus i mbaol dúshaothraithe.

Tá róil chriticiúla ag comhlachtaí Rialtais, ailtirí, pleanálaithe, an earnáil tógála, taighdeoirí, oideoirí agus go leor eile maidir le feasacht a ardú faoin ngá atá le réitigh dhearaidh a shaothrú a laghdaíonn brúnna ar an timpeallacht thógtha.

Leagfaidh an **Beartas Náisiúnta ar Ailtireacht** nua atá beartaithe amach uaillmhian an Rialtais seo tuiscint níos fearr a fháil ar charachtar, thréithe, acmhainneacht agus bhuntáistí ár dtimpeallachta tógtha. Ní mór dúinn áiteanna tarraingteacha a chur ar fáil do dhaoine le taitneamh a bhaint astu, a fheidhmíonn go maith agus atá seasmhach in aois seo an réabtha aeráide. Le cabhrú linn cultúr ailtireachta níos láidre a thógáil in Éirinn, ní mór dúinn féachaint ar thionscnaimh Eorpacha maidir le cáilíocht ailtireachta, a chuirtear chun cinn mar ionchur riachtanach i sochaí inbhuanaithe.


Ní mór don **Bheartas Náisiúnta ar Ailtireacht** nua atá beartaithe spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do pháirtithe ábhartha leasmhara comhoibriú le chéile ó thaobh cúrsaí taighde agus nuálaíochta de agus cinntí eolacha a dhéanamh d'fhonn torthaí ardchaighdeáin tionscadail a bhaint amach. Ní mór go leagfaí bealaí amach ann chun go mbeidh an Stát i gceannas ar ghníomh ardchaighdeáin, comhordaithe timpeallachta tógtha, agus ag tacú ag an am céanna le cuspóirí Thionscadal Éireann 2040 agus an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019.

Níos tábhachtaí fós, ní mór don bheartas tús áite a thabhairt don tsochaí agus do na daoine. A bhuí le baint phearsanta a bheith againn lena bhfuil thart orainn agus le timpeallacht ardchaighdeáin, beidh sochaí níos sláintiúla ann do chách, anois agus amach anseo.

Ba mhaith linn cloisteáil ó na daoine agus na heagraíochtaí uile a bhfuil suim acu ann maidir leis an gcaoi a bhféadfadh leis an **mBeartas Náisiúnta ar Ailtireacht** nua atá beartaithe tacú le fás fortheilgthe na tíre agus a forbairt inbhuanaithe a threorú sna blianta atá romhainn, dar leat.

Cuirim fáilte romhat anois a bheith mar chuid den phróiseas comhairliúcháin seo agus gabhaim buíochas leat roimh ré as an am a ghlacadh chun do chuid tuairimí a roinnt.





**Josepha Madigan, TD**
Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta



> **“A generosity of spirit and a sense of humanity are at the core of architecture’s agenda.”**
>
> **Grafton Architects**



# Réamhrá

Is deis spreagúil é an **Beartas Náisiúnta ar Ailtireacht** nua atá beartaithe chun na coinníollacha a chruthú do thimpeallacht thógtha ardchaighdeáin, ísealcharbóin agus níos athléimní do na glúnta atá le teacht. Tacóidh an beartas le hailtireacht ardchaighdeáin a léiríonn meas ar ár bhféiniúlacht chultúrtha agus ar sheantraidisiúin maidir le lonnaíocht a thógáil.

Tacóidh an Beartas nua le straitéisí fadtéarmacha pleanála agus cabhróidh sé le haghaidh a thabhairt ar phríomhcheisteanna lena n-áirítear an fholláine shóisialta, an t-athrú aeráide agus athnuachan uirbeach. Cuirfidh sé uirlisí ar fáil chun cabhrú linn dul i ngleic, ar bhealach cruthaitheach, le dúshláin, cosúil leis an ngá atá le tithe agus comharsanachtaí nua a sholáthar don daonra atá ag fás, mar aon leis na scoileanna, na hospidéil, na hionaid oibre agus an bonneagar le tacú leis an tsochaí atá i gceist againn a bhaint amach. Beidh oiriúnú na bhfoirgneamh atá ann cheana mar aon le dearadh foirgnimh nua ríthábhachtach d'fhonn na spriocanna a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019 a bhaint amach.

Cabhróidh cur i bhfeidhm an bheartais le hÉirinn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh, go háirithe an gá criticiúil atá le cathracha, bailte agus lonnaíochtaí daonna uile a bheith dlúth, inléite, ionchuimsitheach, sábháilte, acmhainneach agus inbhuanaithe.

Léirigh Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha (2018) gur riachtanach í an oidhreacht chultúrtha chun an chruthaitheacht a spreagadh agus a chur chun cinn i gcomhfhorbairt áite, sa chomhtháthú sóisialta agus san fhorbairt inbhuanaithe. Beidh gníomhaíochtaí sa Bheartas Náisiúnta ar Ailtireacht agus in Oidhreacht Éireann 2030 chun an oidhreacht agus an ailtireacht a chur chun cinn, ag leanúint ar aghaidh le hoidhreacht na Bliana Eorpaí.

Cuirfidh sé leis na gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích agus leis an eolas a fuarthas cheanna a bhuí le beartais agus cláir roimhe seo, Beartas an Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015 ach go háirithe. Beidh sé bunaithe ar thionscnaimh eile de chuid na Roinne, amhail Oidhreacht Éireann 2030, an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019, Cultúr 2025, Clár Éire Ildánach agus Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha d'Éirinn 2015-2025 agus tacóidh sé le cuspóirí Thionscadal Éireann 2040.

Díreoidh an beartas ar chúig phríomhthéama:

- Dearadh le haghaidh athléimneacht aeráide agus inbhuanaitheachta
- Dearadh áiteanna ardchaighdeáin ar son leas an phobail
- Meas don am atá caite, ár dtodhchaí a mhúnlú
- Ceannaireacht
- Eolas agus nuálaíocht

Leagadh roinnt dréachtchuspóirí amach sa doiciméad comhairliúcháin seo faoi gach téama. Baineann tábhacht le do thuairimí maidir leis na dréachtchuspóirí seo agus na ceisteanna a ardaítear – cabhróidh siad leis an **mBeartas Náisiúnta ar Ailtireacht** nua a mhúnlú.



**Ní féidir linn todhchaí ísealcharbóin a chruthú mura samhlaímid é agus mura samhlaímid na róil atá againn féin é a fhíorú.**

# 1

# Dearadh le haghaidh athléimneacht aeráide agus inbhuanaitheachta

*"Right now, we are facing a man-made disaster of global scale. Our greatest threat in thousands of years. Climate change. If we don't take action, the collapse of our civilisations and the extinction of much of the natural world is on the horizon."*
Sir David Attenborough (b.1926)

- Cinnfear athléimneacht ár bhfoirgneamh stairiúil agus nua-aimseartha i leith an athraithe aeráide de réir na baile a bhíonn orthu agus thar aon rud eile, de réir éifeachtacht a gcaomhnaithe. Chuimsigh an timpeallacht thógtha 12.7% de gháis cheaptha teasa na hÉireann in 2017. **Bíonn ár bhfoirgnimh ag brath 70% ar bhreoslaí iontaise agus tá drochrátáil fuinnimh foirgnimh ag go leor acu**. Tá sé tábhachtach a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ach caighdeáin feidhmithe fuinnimh níos airde a chomhlíonadh agus gníomhaíocht iarfheistithe a mhéadú.

- D'fhonn cabhrú le spriocanna na hÉireann maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide a bhaint amach, ní mór dúinn tús áite a thabhairt do phobail inbhuanaithe a bhfuil áiseanna agus seirbhísí comhtháite acu, agus acmhainní nádúrtha agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú. Cuirfidh an beartas seo **neartú agus athúsáid cathracha, bailte, bailte beaga agus foirgnimh ath-inúsáidte**, go háirithe suíomhanna tearcúsáidte agus athfhorbraíochta, ar bhealach atá cruthaitheach, ar ardchaighdeán agus ar scála daonna, chun cinn.

- Ba chóir foirgnimh a dhearadh agus a thógáil a mbainfeadh **an t-ionchur fuinnimh is lú agus is féidir agus an feidhmiú fadtéarmach inoiriúnaitheachta is mó agus is féidir** leo chun cabhrú le hastaíochtaí a laghdú go leibhéil inbhuanaithe. Tacóidh an beartas le bealaí cruthaitheacha inar féidir foirgnimh agus struchtúir atá ann cheana a oiriúnú, a iarfheistiú agus a athúsáid chun úsáid fuinnimh agus acmhainní in-athnuaite a bharrfheabhsú agus chun glacadh le teicneolaíochtaí, próisis agus teicnící ísealcharbóin a chur chun cinn.

- Beidh gníomhaíochtaí sa bheartas chun tacú leis na spriocanna a leagtar amach i **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019.**

## *Bíodh ionchur agat...*

- *Cé na tionscnaimh atá de dhíth d'fhonn dul i ngleic le dúshláin na gníomhaíochta ar son na haeráide, na hathnuachana uirbí agus na tithíochta inbhuanaithe trí chéile?*

- *Cé na príomhcheisteanna inbhuanaitheachta atá riachtanach agus cinneadóirí ag pleanáil na timpeallachta tógtha don todhchaí?*

**Feidhmeoidh an beartas seo lena chinntiú go dtugann beartais ar fud an Rialtais tús áite do dhearadh foirgneamh agus na réimse poiblí i ngach gníomhaíocht a théann i bhfeidhm ar an timpeallacht thógtha.**




# 2

# Áiteanna ardchaighdeáin a dhearadh ar son leas an phobail

*"First life, then spaces, then buildings – the other way around never works"*
Jan Gehl (b.1936)

- Is infheistíocht mhaith í an dea-ailtireacht a thacaíonn le sláinte, oideachas, tráchtáil, cultúr agus gach gníomhaíocht dhaonna ar bhealach inbhuanaithe. Tá sé tábhachtach go mbainfeadh ardchaighdeán dearaidh le gach foirgneamh, struchtúr, spás poiblí agus sráid agus go mbeidís buanseasmhach agus oiriúnach don fheidhm. **Ach tús áite a thabhairt do chaighdeán inár dtimpeallacht thógtha, cuirimid le caighdeán saoil**, le féiniúlacht phearsanta agus le folláine gach éinne.

- Ní mór go mbeadh comhfhorbairt áite inbhuanaithe, ar ardchaighdeán ina chroíghné den chinnteoireacht. Oibríonn go leor daoine proifisiúnta go cuiditheach le chéile chun ár dtimpeallacht thógtha a phleanáil, a fhorbairt agus a chothú. Tá an comhairliúchán poiblí tábhachtach d'fhonn tionscadail cheannródaíocha, inbhuanaithe timpeallachta tógtha, a oireann do riachtanais gach úsáideora a dhearadh. Tacóidh an beartas seo le modhanna comhoibrithe agus éascaithe d'fhonn **smaointeoireacht chomhtháite** a spreagadh idir tionscnóirí tionscadail, ailtirí agus lucht oibre na timpeallachta tógtha, rialtóirí agus pobail áitiúla.


- Ní mór d'earnálacha poiblí agus príobháideacha **oibriú le chéile d'fhonn teacht ar réitigh ardchaighdeáin, nuálacha** ar an iliomad riachtanas agus dúshlán a bhaineann le tithíocht phoiblí, athúsáid oidhreachta tógtha agus tionscadail bhonneagair a chur chun cinn. Beidh gníomhaíochtaí sa bheartas seo chun cabhrú le hathbhreithniú agus leasú na bpróiseas soláthair, pleanála agus bainistíochta a úsáidimid faoi láthair d'fhonn tionscadail foirgníochta ardchaighdeáin a sholáthar i réimse na timpeallachta tógtha.

- Tréithe fisiciúla timpeallachta tógtha atá in áilleacht, feidhmiúlacht, marthanacht, inoiriúnaitheacht, inrochtaineacht, taitneamhacht agus tuiscint dhearfach den bhaile a thugann dúinn **buntáistí leanúnacha sóisialta, timpeallachta, cultúrtha agus eacnamaíocha.** Cuirfidh an beartas seo tionscnaimh feasachta nuálaí, a chuireann luach na hailtireachta ardchaighdeáin agus dhearadh na timpeallachta chun cinn, chun tosaigh.

## *Bíodh ionchur agat...*

- *Cad a chuireann le caighdeán spásanna poiblí agus sráideanna inár gcathracha, inár mbailte agus inár sráidbhailte?*

- *Conas is féidir leis an ailtireacht cur le leas an phobail – cén tionchar a bhíonn aici ar fholláine na sochaí?*



**Ba chóir go mbeadh riachtanais mhaolaithe agus oiriúnaithe oidhreachta tógtha agus na haeráide ina gcodanna lárnacha de chinnteoireacht maidir leis an timpeallacht thógtha.**

# 3

# Meas a bheith againn ar an am atá caite, ár dtodhchaí a mhúnlú

*"Blue slate and whitewash, shadow-lines, projections*
*Things at once apparent and transparent*
*Clean-edged, fine-drawn, drawn-out, redrawn, remembered..."*
Seamus Heaney (1939-2013), *An Architect*, 1996

- Is léiriú é an cleachtas reatha ailtireachta atá againn in Éirinn ar an nuálaíocht dearaidh, ar athruithe ó thaobh na teicneolaíochta de agus ar scileanna foirgníochta atá bunaithe ar thuiscint ar an am atá caite. Le chéile, caithimid **foghlaim ó thaithí phobail, nuáil agus cruthú, taighde a dhéanamh, agus smaointe nua a thriail agus a úsáid** d'fhonn dul i dtaithí ar na hathruithe sóisialta, ábhartha agus digiteacha atá ag múnlú ár saoil.


- Baineann foirmeacha agus patrúin a bhfuil ardmheas orthu, ábhair bhuanseasmhacha agus scála daonna le foirgnimh na hÉireann, rudaí a chuir le comhtháthú sóisialta agus le folláine shóisialta. Cuirfidh an beartas nua béim ar thábhacht ár n-oidhreachta fisicí agus doláimhsithe mar bhunús lenár bhféiniúlacht agus lenár bhfolláine náisiúnta agus cuirfidh sé de cheangal ar an Stát agus ar chomhlachtaí poiblí **na caighdeáin is airde a bhaint amach i gcaomhnú na timpeallachta tógtha stairiúla**, ag tacú le tarchur na scileanna speisialtóireachta seo.

- Is acmhainn shuntasach í ár n-oidhreacht thógtha do phobail áitiúla, do ghnólachtaí agus do chuairteoirí. Mar **phríomhchuid den fhorbairt inbhuanaithe** faoi Thionscadal Éireann 2040, tacóidh an beartas seo le breithniú cúramach ionsá foirgnimh nua inár gcathracha, inár mbailte agus inár gcomharsanachtaí stairiúla ionas go mbeidh siad in ann cur leis na sraitheanna creatlaí tógtha atá ann cheana, ag cur áiteanna beomhara agus rathúla ar fáil dúinn a mbainfidh daoine taitneamh as a bheith ag obair, ag maireachtáil agus ag bualadh le daoine iontu.

- Ach foirgnimh a athúsáid, a dheisiú, a oiriúnú agus a uasghrádú ar bhealach íogair agus iomlánaíoch, beimid ag cabhrú le hÉirinn dul i dtreo sochaí ísealcharbóin agus geilleagair chiorclaigh. **Tacóidh an beartas seo le comhpháirtíochtaí athbheochana agus oiliúna**, le cúnamh ó chláir de chuid an AE, chun tabhairt faoi thionscadail a mbaineann dearadh agus caomhnú ardchaighdeáin leo, agus bronnfar scileanna traidisiúnta agus nua-aimseartha dearaidh agus teicniúla ar fhoghlaimeoirí a bheidh páirteach i dtionscadail dá leithéid.

## *Bíodh ionchur agat...*

- *Cé na tosca sóisialta, eacnamaíochta nó timpeallachta a choinníonn siar muid ó sheanfhoirgnimh uirbeacha agus seanfhoirgnimh thuaithe a athúsáid – an féidir leat aon réiteach a mholadh?*
- *Conas is féidir le pobail teacht isteach ar an saineolas agus ar an gcruthaitheacht nádúrtha atá iontu d'fhonn bealaí lena gceantair a athnuachan a shamhlú agus a phleanáil?*



**Léiríonn an Stát ceannaireacht ailtireachta agus feidhmíonn sé ar son leas an phobail nuair a fhreagraíonn sé do riachtanais na saoránach áiteanna ardchaighdeáin, inbhuanaithe a bheith acu inar féidir leo maireachtáil agus oibriú, d'fhonn infheistíocht isteach a mhealladh agus d'fhonn pobail a spreagadh chun saol sláintiúil a bheith acu.**

# Ceannaireacht

*"Building art is a synthesis of life in materialised form. We should try to bring in under the same hat not a splintered way of thinking, but all in harmony together"*

Alvar Aalto (1898-1976)

- **Tá tuiscint ar chuspóir agus ar fhís chomhroinnte riachtanach** chun na hacmhainní teoranta nádúrtha agus cultúrtha a chuimsíonn ár dtimpeallacht thógtha a chosaint, a bhainistiú agus a phleanáil. D'fhonn cinntí ardchaighdeáin a dhéanamh, teastaíonn smaointeoireacht nuálach, ildisciplíneach agus ní mór glacadh le dúshláin agus dul sa seans.

- Ní mór do gach déantóir cinntí, lena n-áirítear úinéirí, forbróirí, riarthóirí poiblí, gairmeacha timpeallachta tógtha agus an tionscal tógála ceannaireacht fhreagrach a léiriú toisc go mbíonn tionchar acu ar fad ar riocht agus ar shláinte ár dtimpeallachta. Cuirfidh an beartas seo **an chomhcheannaireacht a theastaíonn chun réitigh ar cheisteanna casta timpeallachta tógtha agus nádúrtha a shamhlú agus a roinnt** chun cinn.

- Leagfaidh an beartas **béim ar ról ailtirí san earnáil phoiblí** maidir le foirgnimh, áiteanna agus tionscadail chaomhnaithe den scoth a sholáthar, agus iad ag cur malartú eolais chun cinn agus ag feidhmiú cláir rannpháirtíochta poiblí.

- Tacóidh an beartas le comórtais ailtireachta do thionscadail a sholáthraítear go poiblí chun tús áite a thabhairt do cháilíocht dearaidh agus tógála d'fhoirgnimh agus do bhonneagar atá inbhuanaithe, deartha go maith, inúsáidte agus a mbaineann ardfheidhmíocht leo. Tá sé riachtanach go mbainfí leas as **saineolas ailtireachta, cruthaitheacht, caighdeán dearaidh agus ceardaíocht** na hearnála príobháidí d'fhonn cabhrú leis an tseirbhís phoiblí ceannaireacht a léiriú.

## *Bíodh ionchur agat...*

- *Conas is féidir linn earnálacha poiblí agus príobháideacha a spreagadh le ceannaireacht timpeallachta tógtha a léiriú i gcomhpháirt?*

- *Cé na bealaí inar chóir don Rialtas oibriú le páirtithe leasmhara agus le pobail chun an chuma a bhíonn orthu agus an fheidhm a bhaineann leo a fheabhsú?*

**Cruthaíonn taighde an bonn riachtanach fianaise a theastaíonn chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoi dhearadh, sonraíocht, tógáil agus feidhmiú ár dtimpeallachta tógtha.**




5

# Eolas agus Nuálaíocht

*"One of the great but often unmentioned causes of both happiness and misery is the quality of our environment: the kinds of walls, chairs, buildings, and streets that surround us."*
Alain de Botton (b.1969), *The Architecture of Happiness*

- Ba chóir go mbeadh an t-eolas agus na scileanna ag gach glúin chun a bhfoirgnimh agus a n-áiteanna a fheabhsú agus a chlaochlú. **Ba chóir fiosracht faoin timpeallacht thógtha a spreagadh ón mbunscoil go dtí an tríú leibhéal agus níos faide ar aghaidh.** Ba chóir go scaipfí eolas trí thionscnaimh fhoghlama ar feadh an tsaoil in institiúidí cultúrtha agus san ionad oibre chun cultúr taighde ailtireachta a fhorbairt.

- Ní mór dúinn a bheith i mbun nuálaíochta go leanúnach chun éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú i ndearadh bonneagair, foirgneamh agus áiteanna atá íseal ó thaobh carbóin, athléimneach ó thaobh na haeráide de, glas, gorm agus liath. Tacóidh an beartas le scoileanna pleanála, ailtireachta, innealtóireachta, suirbhéireachta agus tógála chun **céimithe ardcháilíochta a chothú**. Ní mór dúinn sainfhórsa oibre a chothú chun uaillmhianta fadtéarmacha Thionscadal Éireann 2040 a chur i bhfeidhm agus chun cáil ailtireachta na hÉireann ar leibhéal idirnáisiúnta a dhaingniú.

- Éilíonn an Stát **ardán taighde faoin timpeallacht thógtha** le haiseolas leanúnach chun stór eolais a chur faoi dhearadh agus faoi thógáil ardchaighdeáin tionscadal. Tabharfaidh an beartas tús áite do thaighde comhordaithe de chuid institiúidí oideachais agus taighde maidir leis an timpeallacht deartha (sraitheanna, ábhair agus teicnící oidhreachta cultúrtha mar aon le táirgí agus próisis reatha agus nuálacha) chun cumas teicniúil agus an stór eolais do dhearadh ailtireachta a thógáil.

- Leagfaidh an beartas **ardchaighdeáin** amach do thaighde timpeallachta tógtha a mhaoinítear go poiblí d'fhonn cáilíocht agus sláine na dtorthaí a chinntiú. Ba chóir go gcuirfeadh taighde le heolas atá ann cheana, go ndéanfaí é a mheasúnú go dian, go mbeadh sé ábhartha do riachtanais na n úsáideoirí, go mbeadh sé praiticiúil a chur i bhfeidhm agus go roinnfí go forleathan é. Spreagfar taighde turgnamhach bunaithe ar chleachtas trí ardáin taighde a fhorbairt d'fhonn eolas a roinnt.

## *Bíodh ionchur agat...*

- *Cé na réimsí a gcaithfear taighde ailtireachta a dhéanamh orthu agus cé ba chóir a bheith páirteach ann?*

- *Conas is féidir le hinstitiúidí tríú leibhéal agus le tionscal na foirgníochta comhoibriú le chéile, roinnt agus cur go leanúnach lena stór eolais faoinár dtimpeallacht thógtha?*

# Bíodh Ionchur Agat...



# Le haghaidh tuilleadh eolais...

Dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoi bheartais ailtireachta in Éirinn agus san Eoraip, iarrtar ort súil a chaitheamh ar na sonraí tacaíochta ar **www.chg.gov.ie/ga/heritage/built-heritage/architectural-policy/**

# Bíodh Ionchur Agat

Tá sí ríthábhachtach go gcloisfimis na tuairimí atá agat. Cabhróidh siad leis an mBeartas Náisiúnta ar Ailtireacht nua a mhúnlú, a thacóidh le fás ionchais na tíre agus a dhéanfaidh forbairt inbhuanaithe na tíre a threorú sna blianta atá le teacht.

Tá sé i gceist go ndéanfadh an tsraith ceisteanna sa doiciméad seo an próiseas a threorú. Níor chóir, áfach, go gcuirfeadh na ceisteanna seo srian le do fhreagra in aon chor. Cuirimid fáilte roimh do chuid tuairimí faoi gach gné dár dtimpeallacht thógtha.

Iarrtar ort teagmháil a dhéanamh linn trí cheann ar bith de na roghanna thíos chun do thuairimí a roinnt linn.

- Suirbhé ar líne ag **www.chg.gov.ie/ga/heritage/built-heritage/architectural-policy/**
- Seol ríomhphost chuig **architecture@chg.gov.ie le** do thuairimí agus do mholtaí.
- Cuir chugainn sa phost iad go
  **Beartas Náisiúnta ar Ailtireacht**
  **Seomra 1.08**
  **Teach an Chustaim**
  **Baile Átha Cliath D01 W6XO**

Is é an 31 Eanáir 2020 an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí.

D’ullmhaigh an Rannóg Chomhairleach um Oidhreacht Thógtha agus Ailtireachta sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an doiciméad plé seo. Thug Grúpa Comhairleach Pholasaí an Rialtais ar Ailtireacht, lena n-áirítear ionadaithe ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; ón Roinn Oideachais agus Scileanna; ó Oifig na nOibreacha Poiblí; ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; ó Chumann Ailtirí Cathrach agus Contae; ó Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann; ó na scoileanna ailtireachta agus ó Fhoras Ailtireachta na hÉireann. Chuidigh rannóga eile den Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus comhlachtaí faoina coimirce amhail an Chomhairle Ealaíon le forbairt an téacs freisin.



# Sonraí Na nGrianghrafadóirí

**Clúdach Tosaigh:** Aonad Síciatrach Páistí agus Déagóirí, Bessboro, Corcaigh; McCullough Mulvin, buaiteoir, Gradaim Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) 2011. Grianghraf: Christian Richters

Athnuachan Theach an Charnáin, Dublin City Architects; gearrliostaithe, Gradaim RIAI 2019. Grianghraf: Ros Kavanagh

Teach Cúirte Phort Láirge, Oifig na nOibreacha Poiblí / WA Wejchert Architects. Grianghraf: Peter Moloney

**Leathanach 1** Elizabeth's Tree House, Baile an Bhairéadaigh, Co. Chill Dara; McCauley Daye O'Conner Architects, buaiteoir, Gradaim RIAI 2017. Grianghraf: Donal Murphy

**Leathanach 2** The Gardens International, Sráid Anraí, Luimneach, le linn Dhoirse Oscailte Luimnigh 2018; Carr Cotton Naessens agus Denis Byrne Architects; buaiteoir, Gradaim RIAI 2019. Grianghraf: Deirdre Power

**Leathanach 5** Ionad Cúraim an Fhéinics, Gráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath; Moloney O'Beirne Architects; buaiteoir, Gradaim RIAI 2013. Grianghraf: Ros Kavanagh

**Leathanach 6** Téastar The Apple Market, Port Láirge; DHB Architects; craobhiomaitheoir, Gradaim Foirgneamh agus Ailtire na Bliana 2018. Grianghraf: Matthew.ie Photography

**Leathanach 8** Teach sa Sráidbhaile Éiceolaíoch, Cloch Shiúrdáin, Co. Thiobraid Árann; Ryan Teese Architects. Grianghraf: Nessa Roche, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

**Leathanach 10** Néifinn Fhiáin Ionad Cuairteoirí Pháirc Náisiúnta Bhaile Chruaich, Co. Mhaigh Eo; Oifig na nOibreacha Poiblí. Grianghraf: Brian Wilson

**Leathanach 12** The Mediaeval Mile Museum, Cill Chainnigh; oiriúnú McCullough Mulvin; ardmholadh, Gradaim RIAI 2018. Grianghraf: Christian Richters

**Leathanach 14** Ceanncheathrú Chomhairle Chontae na Mí, Co. na Mí; Bucholz McEvoy; buaiteoir, Gradaim RIAI 2018. Grianghraf: Michael Moran

**Leathanach 16** Close Encounter ag Dánlann Glucksman, Corcaigh. Grianghraf: Jed Niezgoda; buíochas leis an Glucksman don ghrianghraf. Mhaoinigh an Chomhairle Ealaíon Close Encounter ag an 16ú Taispeántas Idirnáisiúnta Ailtireachta sa Veinéis in 2018. Tá an Chomhairle Ealaíon ag maoiniú an turais in 2019 leis, atá á léiriú ag Foras Ailtireachta na hÉireann, i gcomhair leis an Glucksman agus le VISUAL Cheatharlach.

**Leathanach 18** Dearadh Scáthlán Bus, Comhairle Cathrach Chorcaí – Scéim Rannpháirtíochta san Ailtireacht 2013. Grianghraf: Jed Niezgoda / Comhairle Cathrach Chorcaí

**Leathanach 20** Inis Eonáin, Co. Chorcaí; Simply Architecture; buaiteoir, Gradaim RIAI 2019. Grianghraf: Ailbhe Cunningham

**Clúdach Deiridh** Baile agus caisleán Dhún na nGall. Grianghraf: Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

gov.ie

chg.gov.ie

2b:creative +44 (0)28 9266 9888

## Bíodh Ionchur Agat

**architecture@chg.gov.ie**

**https://www.chg.gov.ie/heritage/built-heritage/architectural-policy/**

Sa phost go **Seomra 1.08, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 01, D01 W6X0**

